*IARSCRÍBHINN VIII*

**Forbairt na tuaithe (dá dtagraítear in Airteagal 34 den Ionstraim Aontachais)**

ROINN I

## BEARTA SEALADACHA BREISE DON BHULGÁIR AGUS DON RÓMÁIN MAIDIR LE FORBAIRT NA TUAITHE

A. **Tacaíocht d'fheirmeacha leathchothaitheacha atá á n-athchóiriú**

(1) Rannchuideoidh tacaíocht d'fheirmeacha leathchothaitheacha atá á n-athchóiriú leis na cuspóirí seo a leanas:

(a) cuidiú le héascú fadhbanna trasdula tuaithe de réir mar a thagann earnáil talmhaíochta agus geilleagar tuaithe na Bulgáire agus na Rómáine faoi bhrú iomaíoch an mhargaidh aonair;

(b) athchóiriú feirmeacha nach bhfuil inmharthana go heacnamaíoch fós a éascú agus a spreagadh.

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallóidh 'feirmeacha leathchothaitheacha' feirmeacha a tháirgeann go príomha dá dtomhaltas féin ach a dhéanann cion dá dtáirgeacht a mhargú freisin.

(2) Chun tairbhiú den tacaíocht, ní mór don fheirmeoir plean gnó a thairiscint:

(a) ina dtaispeántar inmharthanacht eacnamaíoch na feirme sa todhchaí;

(b) ina bhfuil mionsonraí na n-infheistíochtaí is gá;

(c) ina ndéantar cur síos ar phríomhchéimeanna agus spriocanna sonracha.

(3) Tar éis trí bliana déanfar athbhreithniú ar chomhlíonadh an phlean ghnó dá dtagraítear i bpointe (2). Mura mbeidh na cuspóirí eatramhacha arna leagan amach sa phlean gnóthaithe faoi cheann an athbhreithnithe trí bliana, ní dheonófar tuilleadh tacaíochta, ach ní bheidh aon cheanglas de bharr na bhforas sin airgead arna fháil cheana a aisíoc.

(4) Íocfar tacaíocht go bliantúil i bhfoirm cabhrach comhréidhe suas go dtí an méid uasta cáilithe atá sonraithe i Roinn I G ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana.

B. **Grúpaí táirgeoirí**

(1) Deonófar tacaíocht chomhréidh d'fhonn bunú agus oibriú riaracháin grúpaí táirgeoirí a bhfuil na cuspóirí seo a leanas acu a éascú:

(a) táirgeacht agus aschur na dtáirgeoirí is comhaltaí de na grúpaí sin a chur in oiriúint do cheanglais mhargaidh;

(b) earraí a chur ar an margadh go comhpháirteach, lena n-áirítear ullmhúchán do dhíolachán, díolachán a lárnú agus soláthair do cheannaitheoirí ar an mórchóir; agus

(c) rialacha coiteanna ar faisnéis táirgeachta a bhunú, agus aird faoi leith á tabhairt ar an bhfómhar agus ar infhaighteacht.

(2) Ní thabharfar an tacaíocht ach amháin do ghrúpaí táirgeoirí arna n-aithint go foirmiúil ag údaráis inniúla na Bulgáire nó na Rómáine idir dáta an aontachais agus an 31 Nollaig 2009 ar bhonn an dlí náisiúnta nó dhlí an Chomhphobail.

(3) Deonófar an tacaíocht ina tráthchodanna bliantúla don chéad chúig bliana tar éis an dáta a aithníodh an grúpa táirgeoirí. Déanfar í a ríomh ar bhonn tháirgeacht bhliantúil an ghrúpa arna margú agus ní rachaidh sí thar:

(a) 5 %, 5 %, 4 %, 3 % agus 2 % de luach na táirgeachta suas go dtí EUR 1 000 000 arna margú sa chéad bhliain, sa dara bliain, sa tríú bliain, sa cheathrú bliain agus sa chúigiú bliain faoi seach, agus

(b) 2,5 %, 2,5 %, 2,0 %, 1,5 % agus 1,5 % de luach na táirgeachta thar EUR 1 000 000 arna margú sa chéad bhliain, sa dara bliain, sa tríú bliain, sa cheathrú bliain agus sa chúigiú bliain faoi seach.

Ar aon chuma, ní rachaidh an tacaíocht thar na méideanna uasta cáilithe atá leagtha síos i Roinn I G.

C. **Bearta den chineál 'Leader+'**

(1) Féadfar tacaíocht a dheonú do bhearta a bhaineann le scileanna a fháil atá ceaptha chun pobail tuaithe a ullmhú chun straitéisí áitiúla forbartha tuaithe a cheapadh agus a chur chun feidhme.

Féadfar a bheith san áireamh sna bearta sin go háirithe:

(a) tacaíocht theicniúil do staidéir ar an limistéar áitiúil, agus diagnóis chríochach a chuireann san áireamh mianta sainráite an phobail i dtrácht;

(b) an pobal a chur ar an eolas agus a oiliúint d'fhonn rannpháirtíocht ghníomhach sa phróiseas forbartha a spreagadh;

(c) comhpháirtíochtaí áitiúla ionadaíocha a thógáil;

(d) straitéisí iomlánaithe forbartha a tharraingt suas;

(e) taighde a mhaoiniú agus iarratais ar thacaíocht a ullmhú.

(2) Féadfar tacaíocht a dheonú do ghlacadh straitéisí iomlánaithe forbartha tuaithe de threoirchineál arna n-ullmhú ag grúpaí áitiúla gníomhaíochta i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha síos i míreanna 12, 14

agus 36 d'Fhógra ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2000 chuig na Ballstáit ag leagan síos treoirlínte don tionscnamh Comhphobail le haghaidh fhorbairt na tuaithe (Leader+) ([1]). Déanfar an tacaíocht sin a theorannú do réigiúin ina bhfuil leorchumas riaracháin agus leorthaithí ar chur chuige áitiúil forbartha tuaithe.

(3) Féadfaidh na grúpaí áitiúla gníomhaíochta dá dtagraítear i bpointe 2 a bheith cáilithe chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí idirchríochacha agus trasnáisiúnta comhair i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha síos i míreanna 15 go 18 den Fhógra ón gCoimisiún dá dtagraítear i bpointe (2).

(4) Tabharfar don Bhulgáir agus don Rómáin rochtain ar an Réadlann limistéar tuaithe dá bhforáiltear i mír 23 den Fhógra ón gCoimisiún dá dtagraítear i bpointe (2).

D. **Seirbhísí comhairleacha agus sínteacha feirme**

Deonófar tacaíocht do sholáthar seirbhísí comhairleacha agus sínteacha feirme.

E. **Comhlánuithe ar íocaíochtaí díreacha**

(1) Féadfar tacaíocht a dheonú d'fheirmeoirí atá cáilithe le haghaidh íocaíochtaí nó cabhracha náisiúnta díreacha comhlántacha faoi Airteagal 143c de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ([2]).

(2) Ní rachaidh an tacaíocht arna deonú d'fheirmeoir i dtaca leis na blianta 2007, 2008, 2009 thar an difríocht idir:

(a) leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha is infheidhme sa Bhulgáir nó sa Rómáin don bhliain i dtrácht i gcomhréir le hAirteagal 143a de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003, agus

(b) 40 % de leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha is infheidhme sa bhliain ábhartha sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh an 30 Aibreán 2004.

(3) Ní rachaidh ranníocaíocht an Chomhphobail don tacaíocht arna deonú faoin bhforoinn E seo sa Bhulgáir ná sa Rómáin i dtaca le gach ceann de na blianta 2007, 2008 agus 2009 thar 20 % dá cionroinnt bhliantúil ábhartha. Ar a shon sin, féadfaidh an Bhulgáir nó an Rómáin na rátaí seo a leanas a chur in ionad an ráta bhliantúil sin de 20 %: 25 % do 2007, 20 % do 2008 agus 15 % do 2009.

(4) Áireofar tacaíocht arna deonú d'fheirmeoir faoin bhforoinn E seo mar íocaíochtaí nó cabhracha náisiúnta díreacha comhlántacha, de réir mar is infheidhme, chun críocha chur i bhfeidhm na leibhéal uasta atá leagtha amach in Airteagal 143c(2a) de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003.

F. **Cúnamh teicniúil**

(1) Féadfar tacaíocht a dheonú do na bearta ullmhúcháin, faireacháin, measúnachta agus rialaithe is gá chun na doiciméid i dtaca le clárú forbartha tuaithe a chur chun feidhme.

---

([1]) IO C 139, 18.5.2000, lch. 5.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 ag bunú comhrialacha do scéimeanna tacaíochta dírí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus ag bunú scéimeanna áirithe tacaíochta le haghaidh feirmeoirí agus ag leasú Rialacháin (CEE) Uimh. 2019/93, (CE) Uimh. 1452/2001, (CE) Uimh. 1453/2001, (CE) Uimh. 1454/2001, (CE) Uimh. 1868/94, (CE) Uimh. 1251/1999, (CE) Uimh. 1254/1999, (CE) Uimh. 1673/2000, (CEE) Uimh. 2358/71 agus (CE) Uimh. 2529/2001 (IO L 270, 21.10.2003, lch. 1). Rialachán mar atá arna oiriúnú le Cinneadh 2004/281/CE ón gComhairle (IO L 93, 30.3.2004, lch. 1) agus Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 864/2004 (IO L 161, 30.4.2004, lch. 48).

(2) Áireofar go háirithe ar na bearta dá dtagraítear i bpointe (1):

(a) staidéir;

(b) bearta cúnaimh theicniúil, malartú faisnéise agus taithí faoi chomhair comhpháirtithe, tairbhithe agus an phobail i gcoitinne;

(c) córais ríomhairithe bainistíochta, faireacháin agus measúnachta a shuiteáil, a oibriú agus a idirnascadh;

(d) feabhsaithe sna modhanna measúnachta agus sa mhalairt faisnéise maidir le dea-chleachtas sa réimse seo.

G. **Tábla na méideanna do na bearta sealadacha breise forbartha tuaithe don Bhulgáir agus don Rómáin**

| Beart | EUR | |
|---|---|---|
| Feirmeacha leathchothaitheacha | 1 000 | In aghaidh na feirme/in aghaidh na bliana |
| Grúpaí táirgeoirí | 100 000 | In aghaidh na chéad bhliana |
| | 100 000 | In aghaidh an dara bliain |
| | 80 000 | In aghaidh an tríú bliain |
| | 60 000 | In aghaidh an cheathrú bliain |
| | 50 000 | In aghaidh an chúigiú bliain |

ROINN II

## BEARTA SONRACHA MAIDIR LE TACAÍOCHT INFHEISTÍOCHTA DON BHULGÁIR AGUS DON RÓMÁIN

(1) Déanfar tacaíocht infheistíochta do ghabháltais talmhaíochta faoi na rialacháin a bhaineann le forbairt na tuaithe agus a bheidh i bhfeidhm ar dháta an aontachais a dheonú do ghabháltais talmhaíochta ar féidir a n-inmharthanacht eacnamaíoch ag deireadh réadú na hinfheistíochta a thaispeáint.

(2) Déanfar méid iomlán na tacaíochta d'infheistíocht i ngabháltais talmhaíochta, arna chur in iúl mar chéatadán de thoirt na hinfheistíochta cáilithe, a theorannú go méid uasta de 50 %, agus de 60 % i limistéir mhídheisiúla, nó go dtí na céatadáin arna mbunú sa rialachán ábhartha forbartha tuaithe a bheidh i bhfeidhm ar dháta an aontachais, cibé acu is mó. Nuair is feirmeoirí óga, mar atá sainithe sa rialachán ábhartha forbartha tuaithe a bheidh i bhfeidhm ar dháta an aontachais, a ghabhann na hinfheistíochtaí ar láimh, féadfaidh na céatadáin sin méid uasta de 55 %, agus de 65 % i limistéir mhídheisiúla, a shroicheadh, nó féadfaidh siad na céatadáin a shroicheadh arna mbunú sa rialachán ábhartha forbartha tuaithe a bheidh i bhfeidhm ar dháta an aontachais, cibé acu is mó.

(3) Tacaíocht d'infheistíocht chun feabhas a chur ar phróiseáil agus táirgeadh táirgí talmhaíochta faoin rialachán ábhartha forbartha tuaithe a bheidh i bhfeidhm ar dháta an aontachais, déanfar í a dheonú do ghnóthais a mbeidh idirthréimhse deonaithe dóibh tar éis an aontachais d'fhonn na caighdeáin íosta maidir leis an gcomhshaol, an sláinteachas agus leas ainmhithe a chomhlíonadh. Sa chás sin, comhlíonfaidh an gnóthas na caighdeáin ábhartha faoi dheireadh na hidirthréimhse arna sonrú nó faoi dheireadh na tréimhse infheistíochta, cibé acu is túisce.

ROINN III

## FORÁIL SHONRACH MAIDIR LE TACAÍOCHT DO SCOR LUATH SA BHULGÁIR

(1) Feirmeoirí sa Bhulgáir dár cionroinneadh cuóta bainne, beidh siad cáilithe don scéim maidir le scor luath ar choinníoll go mbeidh siad níos lú ná 70 bliain d'aois tráth an aistrithe.

(2) Beidh méid na tacaíochta faoi réir na méideanna uasta arna leagan amach sa rialachán ábhartha forbartha tuaithe a bheidh i bhfeidhm ar dháta an aontachais agus déanfar é a ríomh i dtaca le méid an chuóta bainne agus leis an ngníomhaíocht iomlán feirmeoireachta sa ghabhháltas.

(3) Déanfar cuótaí bainne arna gcionroinnt d'aistreoir a thabhairt ar ais go dtí an cúlchiste náisiúnta cuóta bainne gan aon íocaíocht chúitimh bhreise.

ROINN IV

## FORÁLACHA SONRACHA AIRGEADAIS DON BHULGÁIR AGUS DON RÓMÁIN DO 2007-2013

(1) Don tréimhse chláraithe 2007-2013, déanfar tacaíocht Chomhphobail arna deonú sa Bhulgáir agus sa Rómáin le haghaidh na mbeart forbartha tuaithe go léir a chur chun feidhme de bhun na bprionsabal atá leagtha síos in Airteagail 31 agus 32 de Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 ag leagan síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha ([1]).

(2) Sna limistéir arna bhfolú ag Cuspóir 1, is é an méid a fhéadfaidh a bheith i ranníocaíocht airgeadais an Chomhphobail 85 % i gcás beart talamh-chomhshaoil agus leasa ainmhithe agus 80 % i gcás beart eile, nó na céatadáin arna mbunú sna rialacháin ábhartha forbartha tuaithe a bheidh i bhfeidhm ar dháta an aontachais, cibé acu is mó.

([1]) IO L 161, 26.6.1999, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).